

# Faire na Cruinne i gcroílár an 2ú Glao Físe de chuid EUSPA

EUSPA/PR/22/10 Prág, 8 Samhain 2022

Féachann an glao EUR 48.1 milliún, atá dírithe ar FBManna, ar an saol acadúil agus ar ghníomhaithe poiblí, i measc cuspóirí eile, le cumais iarteachtacha a neartú agus earnáil phoiblí an AE a nuachóiriú trí réitigh cheannródaíocha a chur ar fáil atá bunaithe ar Galileo, ar Copernicus, ar EGNOS agus ar GOVSATCOM.

Is é Fís Eorpach príomhchlár maoinithe an Aontais Eorpaigh don taighde agus don nuálaíocht. Cuireann sé barr feabhais eolaíochta chun cinn, gineann sé eolas agus teicneolaíochtaí, agus soláthraíonn sé an timpeallacht chuí chun táirgí agus seirbhísí a dhéanamh de smaointe iontacha, rud a chruthóidh poist agus a thabharfaidh fás inbhuanaithe dár ngeilleagar.

Ag fanacht dílis i gcónaí dá mhisean, “an spás a nascadh le riachtanais na n-úsáideoirí”, d’fhoilsigh EUSPA an dara Glao Fís Eorpach aige a bhfuil luach iomlán EUR 48.1 milliún i gceist leis chun forbairt feidhmeanna nuálacha iarteachtacha spáis a spreagadh. Leis an nglao sin, tabharfar chun cinn sonraí agus seirbhísí breisluacha Chlár Spáis an AE, mar atá Galileo, EGNOS agus Copernicus.

Díreoidh sé ar phríomhréimsí lena n-áirítear úsáid Galileo agus EGNOS i bhfeidhmeanna soghluaisteachta cliste, chomh maith le sonraí Copernicus a chomhleá leis an Intleacht Shaorga chun borradh a chur faoin nGeilleagar Sonraí Eorpach agus chun earnáil phoiblí an AE a nuachóiriú. Den chéad uair riamh, féachfaidh an glao le cásanna úsáide Satcom a sheachadadh atá bunaithe ar chóras GOVSATCOM atá ar na bacáin.

Is deis ar leith é an glao do thionscal iarteachtach spáis na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus an saol acadúil, ach freisin do ghníomhaithe poiblí (e.g. údarais réigiúnacha agus/nó áitiúla, soláthraithe bonneagair, eagraíochtaí cosanta sibhialta, etc.) chun feidhmchláir nuálacha spásbhunaithe nua AE a fhorbairt, lena gcuirfear tairbhí tráchtála agus sóisialta ar fáil.

Féach thíos miondealú ar dháileadh na gcistí de réir réimse théamaigh:

- [Feidhmchlár EGNSS le haghaidh soghluaisteacht Chliste](#) (Gníomh Nuálaíochta), EUR 9.5 milliún
- [An earnáil phoiblí mar úsáideoir Galileo agus/nó Copernicus](#) (Soláthar Réamhthráchtála), EUR 5.2 milliún
- [Feidhmchlár iarteachtacha Copernicus agus an Geilleagar Sonraí Eorpach](#) (Gníomh Nuálaíochta), EUR 9.6 milliún
- [Glacadh sonraí Copernicus ar mhórsála le AI agus HPC](#) (Taighde agus Gníomh Nuálaíochta), EUR 9.6 milliún
- [Feidhmchlár iarteachtacha spásbhunaithe a dheardh le comhpháirtithe idirnáisiúnta](#) (Taighde agus Gníomh Nuálaíochta), EUR 5.1 milliún
- [Forbairtí agus léiriúcháin Seirbhíse GOVSATCOM](#) (Taighde agus Gníomh Nuálaíochta), EUR 9.1 milliún

Féach ar [thairseach deiseanna Maoinithe & tairisceana](#) le haghaidh faisnéise mionsonraithe faoi Ghlaó EUSPA agus faoi na hábhair atá ar fáil.

Is é **2 Márta 2023** an spriocdháta le hiarratais a chur isteach.

## Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán, cuireann sí tráchtálú sonraí agus seirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn, comhordaíonn sí clár cumarsáide satailíte rialtais an Aontais GOVSATCOM, agus tá sí i gceannas ar sheirbhís oibríochtaí Dheasc Tosaigh an Chláir um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) amhail ó 2023. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

### Le haghaidh tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA

[Marie.Menard@euspa.europa.eu](mailto:Marie.Menard@euspa.europa.eu)

Teil.: +420 237 766 627 – Fón póca: +420 602 619 776